| Amharc-ealaín na hArdteistiméireachta | Cur Síos Gairid<br>Cruinniú #2<br>21 Deireadh Fómhair, 2025 |
|---|---|
| | **Nótaí** |
| **An Nuacht is Déanaí** | Tá an Comhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir don athfhorbairt ar Amharc-ealaín na hArdteistiméireachta ar siúl anois. Cuirfear deireadh leis an 12 Samhain. |
| **Réasúnaíocht** | Rinne an mheitheal iniúchadh ar an réasúnaíocht atá idir lámha i dtaca le hAmharc-ealaín na hArdteistiméireachta. Bhí leideanna i ndáil leis an méid seo a leanas á dtreorú:<br>- Nádúr Ealaín na hArdteistiméireachta<br>- Ról agus tábhacht Ealaín na hArdteistiméireachta maidir le cuspóir/fís na sraithe sinsearaí a bhaint amach<br>- An dóigh a léirítear an tábhacht atá le hEalaín na hArdteistiméireachta i gcomhthéacs níos leithne |
| **Aidhmeanna** | Rinne an mheitheal athbhreithniú ar na dréacht-aidhmeanna atá idir lámha i dtaca le hAmharc-ealaín na hArdteistiméireachta. Cuireadh an méid seo a leanas san áireamh: eispéireas an scoláire; an mhaith bhreise don scoláire as ucht staidéar a dhéanamh ar an ábhar; agus an tionchar a mheastar a bheidh ag Amharc-ealaín na hArdteistiméireachta ar shaol an scoláire. |
| **Leanúnachas agus Dul Chun Cinn** | Rinne an mheitheal iniúchadh ar an dóigh a bhfuil leanúnachas agus dul chun cinn ón tsraith shóisearach i gceist le hAmharc-ealaín na hArdteistiméireachta agus a n-ullmhaíonn sí an scoláire, i ndiaidh na sraithe sinsearaí, don dúrud conairí éagsúla iarscoile. |
| **Struchtúr agus Snáitheanna** | Rinne an mheitheal iniúchadh ar mholl dréachtstruchtúr de shonraíochtaí atá ann cheana féin agus ar an gcaoi a bhféadfaidís a bheith ábhartha do shonraíocht athfhorbartha le haghaidh Amharc-ealaín na hArdteistiméireachta. D'amharcadar ar anrud gnéithe éagsúla de dhearadh curaclaim i sonraíochtaí amhail:<br><br>Ealaín na hArdteistiméireachta<br>Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta<br>Gnó na hArdteistiméireachta<br>Bitheolaíocht na hArdteistiméireachta<br>Innealtóireacht na hArdteistiméireachta |
| **Na chéad chéimeanna eile agus ábhair mhachnaimh** | Rinne an Cathaoirleach machnamh ar obair an chruinnithe agus ghabh sé buíochas leis na baill as an méid a rinne siad.<br><br>Tionólfar an chéad chruinniú eile den mheitheal Dé Luain, an 17 Samhain in Oifigí CNCM i bPort Laoise. |